Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11057/23**

**COAFR 220**
**CFSP/PESC 924**
**CSDP/PSDC 514**
**DEVGEN 129**
**COHAFA 73**
**COHOM 148**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSomáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSomáil, mar a formheasadh iad ag an 3961ú cruinniú den Chomhairle an 26 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

## An tSomáil

## Conclúidí ón gComhairle

1. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit an dul chun cinn suntasach a rinneadh sa tSomáil ó tháinig an tUachtarán Hassan Sheikh Mohamud i gcumhacht i mí na Bealtaine 2022. Molann an tAontas Rialtas Cónaidhme na Somáile i ngeall ar a chuid iarrachtaí staid chobhsaí shíochánta a chothú sa tSomáil lena áirithiú go gcuirfear an t-aistriú slándála i gcrích i gcomhréir le sainorduithe UNSCR 2628 agus UNSCR 2670 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus i ngeall ar a chlár oibre uaillmhianach um athchóiriú, lena n-áirítear tiomantas don athmhuintearas cuimsitheach agus d’athchóirithe maicreacnamaíocha. Ina theannta sin, molann an tAontas tiomantas Rialtas Cónaidhme na Somáile do Chairt na Náisiún Aontaithe agus don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe.

2. Is mór ag an Aontas an chomhpháirtíocht sheanbhunaithe leis an tSomáil agus an tIdirphlé Polaitiúil treisithe le Rialtas Cónaidhme na Somáile as ar eascair formhuiniú an ‘Treochlár Oibríochtúil Comhpháirteach idir an tAontas agus an tSomáil – Gníomhaíocht Dhírithe Athnuaite’ (an ‘Treochlár’ anseo feasta). Is é is aidhm don Treochlár éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chomhair straitéisigh idir an tAontas agus an tSomáil a dhoimhniú, agus béim á leagan ar na garspriocanna sainithe a bhaineann leis na réimsí tosaíochta a eascraíonn as clár oibre Rialtas Cónaidhme na Somáile um athchóiriú, is iad sin an pholaitíocht chuimsitheach agus an daonlathú, cearta an duine, an tslándáil agus cobhsú, chomh maith leis an bhfás socheacnamaíoch. Tá an chomhpháirtíocht agus an comhar idir an tSomáil agus an tAontas bunaithe ar luachanna agus prionsabail chomhroinnte, ar chuntasacht, leas agus freagracht fhrithpháirteach, agus ar úinéireacht agus cur i gcrích láidir ó thaobh na Somáile de, rud a bheidh riachtanach ní hamháin chun an dul chun cinn i ndáil le hathchóirithe a neartú ach chun tacaíocht an Aontais a threorú. Tá an tAontas ag súil le hoibríochtú comhpháirteach an Treochláir sin.

3. Is é an tAontas príomh-chomhpháirtí fadtéarmach na Somáile agus tá ranníocaíochtaí suntasacha dar luach €4.3 billiún[1] tugtha aige di ó 2009 i leith, lena n-áirítear €2.5 billiún arna shlógadh tríd an tSaoráid um Shíocháin san Afraic agus an tSaoráid Eorpach Síochána chuig an Aontas Afracach agus, le déanaí, chuig Arm Náisiúnta na Somáile. Is ar chur chuige comhtháite an Aontais chun tacú leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus leis an bhforbairt, agus chun riachtanais dhaonnúla a fhreagairt, a bunaíodh agus a bhunófar an tacaíocht sin i gcónaí. Molann an tAontas don tSomáil leanúint de réimsí tosaíochta an Treochláir a chur chun feidhme agus tá sé tiomanta tuilleadh tacú leis na hiarrachtaí sin a thuilleadh.

4. Is díol sásaimh don Aontas tiomantas na Somáile i ndáil le hathchóirithe polaitiúla a bhaineann le cothú stáit, athmhuintearas agus toghcháin dhaonlathacha ag gach leibhéal. Molann sé an dul chun cinn a rinne Rialtas Cónaidhme na Somáile i gcomhar leis na Ballstáit Chónaidhme sa Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta. Agus an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo á aithint aige, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé bailchríoch a chur ar an mBunreacht trí na socruithe ar thángthas orthu sa Chomhairle Náisiúnta a chódú, lena n-áirítear iad siúd maidir leis an daonlathú agus prionsabal na hionadaíochta comhionainne, bunú na Cúirte Bunreachtúla agus bunú an Choimisiúin Náisiúnta Neamhspleách um Chearta an Duine. Agus rannpháirtíocht ghníomhach an Uachtaráin Hassan Sheikh Mohamud chun dul i dteagmháil le hUachtaráin na mBallstát Cónaidhme á mholadh aige, molann an tAontas go leanfaí den idirphlé idir Rialtas Cónaidhme na Somáile agus na Ballstáit Chónaidhme agus de rannchuidiú fiúntach na mBallstát Cónaidhme le próiseas an chothaithe stáit. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an tsíocháin a chothú ar bhealach cuimsitheach trédhearcach agus próisis forbartha a chur i gcrích ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Is díol sásaimh dó go bhfuil Rialtas Cónaidhme na Somáile tiomanta rannpháirtíocht iomlán chomhionann fhiúntach na mban, na hóige, na gclann mionlaigh agus na ndaoine a bhaineann le grúpaí imeallaithe eile a áirithiú.

---

[1] Ní áirítear gealltanais dhéthaobhacha na mBallstát sa tsuim sin.

5. I bhfianaise an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcónaí i réimsí na polaitíochta, na slándála agus na socheacnamaíochta, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an tSomáil tuilleadh oibre ar mhaithe leis an dea-rialachas, an smacht reachta, an comhrac i gcoinne an éillithe agus na saoirse ó phionós, an comhionannas inscne agus chur chun cinn agus chosaint chearta an duine, lena n-áirítear saoirsí polaitiúla, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, mar shampla. Is bunchlocha riachtanacha iad sin le haghaidh na forbartha cuimsithí agus na síochána inbhuanaithe. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas na gealltanais a thug Rialtas Cónaidhme na Somáile maidir lena oibleagáidí a chomhlíonadh agus molann sé go dtabharfaí reachtaíocht ábhartha chun cinn, na billí maidir le ciorrú ball giniúna ban agus cionta gnéasacha, mar shampla, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Tá an tAontas faoi réir le tacú le dul chun cinn breise i ndáil leis na hábhair sin.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas agus a thacaíocht do Rialtas Cónaidhme na Somáile agus do mhuintir na Somáile sa chomhrac in aghaidh al-Shabaab. Tugann sé ómós do mhuintir na Somáile, chomh maith le AMISOM/ATMIS agus na náisiúin soláthair trúpaí, as ucht a gcuid íobairtí agus oibre san fheachtas i gcoinne al-Shabaab le linn misin chomhleanúnacha faoi stiúir an Aontais Afracaigh. Aithníonn agus molann an tAontas an móiminteam a bhaineann leis an gcur chuige trí ghné (gnéithe míleata, airgeadais agus idé-eolaíochta). Iarrann an tAontas ar an Aontas Afracach/ATMIS agus an tSomáil an comhar a neartú chun tacú le haistriú slándála na Somáile, lena n-áirítear an comhar ar mhaithe leis na hoibríochtaí reatha faoi stiúir na Somáile i gcoinne al-Shabaab. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Aontas ról na mBallstát túslíne agus an tacaíocht ó na náisiúin soláthair trúpaí. Agus oibríochtaí míleata á ndéanamh, meabhraítear don Aontas nach mór do gach gníomhaí an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus bunphrionsabail an réamhchúraim agus an idirdhealaithe a urramú le cosaint an phobail sibhialtach a áirithiú, agus ní mór dóibh rochtain shlán gan bhac a éascú dóibh siúd atá i ngátar, cibé áit a mbeidh siad.

7. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé na críocha a saoradh a chobhsú agus is díol sásaimh dó go bhfuil Straitéis Cobhsaíochta Náisiúnta á forbairt ag Rialtas Cónaidhme na Somáile mar chuid de chur chuige ‘uile-rialtais’. Chun tacú leis an tsíocháin agus an chobhsaíocht inbhuanaithe i limistéir a saoradh le déanaí, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na héagobhsaíochta, gníomhaíochtaí cothaithe síochána agus athmhuintearais a chomhtháthú agus cosaint, ceartas agus seirbhísí bunúsacha — seirbhísí sláinte agus oideachais, mar shampla — a sholáthar do mhuintir na Somáile. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann leis an tslándáil aeráide mar chuid de na hiarrachtaí cobhsaíochta. Tá an tAontas faoi réir le seasamh le hiarrachtaí Rialtas Cónaidhme na Somáile agus na mBallstát Cónaidhme.

8. Is díol sásaimh don Aontas na céimeanna a tugadh i dtreo Ollstruchtúr Slándála Náisiúnta lena gcuirfear le hearnáil slándála a bheidh níos freagraí, níos cuntasaí, níos comhtháthaithe agus níos éifeachtaí. Iarrann an tAontas go gcuirfí an t-ollstruchtúr sin chun feidhme faoi cheannaireacht agus fís na Somáile, agus go mbeidh sé mar aidhm leis an méid sin Fórsaí Slándála na Somáile a bhunú sa chaoi is go mbeidh siad inniúil, éifeachtach agus éifeachtúil, agus go mbeidh ceannas agus rialú láidir, formhaoirseacht shibhialtach, cuntasacht agus struchtúir rialachais i bhfeidhm. Meabhraítear don Aontas an cuspóir arna chomhaontú go comhpháirteach maidir le freagracht a bheith á glacadh ag an tSomáil as a slándáil féin, agus maidir le creat láidir dlíthiúil agus bunreachtúil a bheith mar bhonn leis sin. Aithníonn an tAontas go bhfuil Rialtas Cónaidhme na Somáile tiomanta fórsaí breise a ghiniúint agus a n-acmhainneacht a mhéadú, agus molann sé iarrachtaí breise chun aistriú rianúil slándála a áirithiú.

9. Tá an tAontas tiomanta seasamh le haistriú slándála na Somáile agus leagann sé béim ar a chinneadh an tacaíocht d’Arm Náisiúnta na Somáile a mhéadú de réir a chéile sa tréimhse 2023-2024. Déanfaidh sé a chuid ionstraimí a bhaineann leis an tslándáil a chalabrú a thuilleadh freisin, lena n-áirítear misin CBSC (EUCAP, EUTM) agus Oibríocht ATALANTA, chun tacú le hollstruchtúr slándála na Somáile agus le cur chun feidhme iomlánaíoch an Treochláir, lena n-áirítear cistí breise a shlógadh chun tacú le hiarrachtaí i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus le riachtanais giniúna fórsaí. Agus an méid sin á dhéanamh aige, déanfaidh an tAontas na riachtanais ar an láthair agus na riachtanais arna gcur in iúl ag Rialtas Cónaidhme na Somáile a mheas.

10. Thairis sin, agus anuas ar na hoibríochtaí reatha, leagann an tAontas béim ar a phráinní atá sé go ndíreodh an tSomáil ar chur chun feidhme an ollstruchtúir slándála i gcónaí agus úinéireacht iomlán a bheith aici ar an aistriú, lena n-áirítear comhordú cuimsitheach idir príomh-chomhpháirtithe slándála a áirithiú. Meabhraítear don Aontas nach mór do na comhpháirtithe uile aistriú freagrach ó ATMIS go Fórsaí Slándála na Somáile a áirithiú, i gcomhréir le straitéis scoir ATMIS agus leis na spriocdhátaí a shonraítear in UNSCR 2628 (2022)[2]. Meabhraítear don Aontas freisin na tagarmharcanna arna gcur le chéile ag an gCeathairéad (Rialtas Cónaidhme na Somáile, na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach) agus molann sé don Cheathairéad teacht le chéile go rialta.

11. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá an tslándáil mhuirí réigiúnach i gCorn na hAfraice, go háirithe feadh chósta na Somáile, i bhfianaise a shuímh straitéisigh agus na mbealaí trádála amach ón gcósta. Meabhraítear don Aontas go bhfuil sé tiomanta an comhar slándála leis an tSomáil sa réimse muirí a dhoimhniú, lena n-áirítear trí bhíthin EUCAP agus Oibríocht ATALANTA, agus déanfaidh sé iarracht i gcomhar le Rialtas Cónaidhme na Somáile na dálaí a fheabhsú ionas gur féidir le hoibríocht an Aontais a sainordú a chur i gcrích ina iomláine.

12. Tugann an tAontas dá aire na céimeanna a thug an tSomáil i dtreo thabhairt i gcrích phróiseas na dTíortha a bhfuil Fiachais Ollmhóra orthu (HIPC). Garsprioc shuntasach a bheidh i dtabhairt i gcrích phróiseas HIPC agus, ar an gcaoi chéanna, beidh sé ríthábhachtach slógadh na n-acmhainní intíre a fheabhsú chun taca a chur faoi na hiarrachtaí cothaithe stáit, lena n-áirítear sna limistéir a saoradh le déanaí. Is díol sásaimh don Aontas iarrachtaí rialtas na Somáile bainistiú an airgeadais phoiblí a fheabhsú, an tuilleamhlathas a chothú agus an chuntasacht a áirithiú. Molann an tAontas don tSomáil athchóirithe beartais a thabhairt chun cinn a thuilleadh, athchóirithe darb aidhm córais bainistithe airgeadais phoiblí a neartú, an t-éilliú a chomhrac agus ioncam a ghiniúint chun seirbhísí bunúsacha a chistiú, lena n-áirítear an tslándáil agus cobhsú, agus tacóidh sé léi chun an méid sin á dhéanamh. Molann an tAontas don tSomáil a haontachas leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a thabhairt chun cinn.

[2] Tarraingt anuas ATMIS ina iomláine faoi dheireadh mhí na Nollag 2024 san áireamh.

13. Is díol sásaimh don Aontas gur mian le rialtas na Somáile na naisc ghnó idir an tSomáil agus an tAontas a dhoimhniú tríd an trádáil agus an infheistíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an Ardán Infheistíochta, Trádála agus Gnó idir an tAontas agus an tSomáil a oibríochtú. Is díol sásaimh don Aontas freisin toilteanas Rialtas Cónaidhme na Somáile a gheilleagar a éagsúlú agus is mór aige cur chuige na Somáile i leith an Gheilleagair Ghoirm, agus tá sé faoi réir le gníomhú maidir leis an iascach agus le pobail chósta.

14. Is díol mhór imní don Aontas an ghéarchéim dhaonnúil[3] atá ag dul in olcas sa tír, géarchéim arb é an triomach gan faoiseamh, an choinbhleacht fhadtréimhseach agus an t-easáitiú gaolmhar is cúis léi. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta leanúint de chabhair dhaonnúil a sholáthar bunaithe ar riachtanais agus i gcomhréir leis an gcur chuige maidir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin, agus gníomhaíocht agus rochtain dhaonnúil ar bhonn prionsabail á moladh aige ag an am céanna. Agus na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun chuige sin á n-aithint aige[4], iarrann an tAontas ar an gcomhphobal idirnáisiúnta an tacaíocht dhaonnúil a mhéadú chun tuilleadh básanna a sheachaint.
I gcomhthráth leis an méid sin, iarrann an tAontas ar Rialtas Cónaidhme na Somáile agus ar na Ballstáit Chónaidhme rochtain dhaonnúil a áirithiú agus seachadadh neodrach neamhchlaonta cabhrach a éascú, i gcomhréir leis na creataí dlíthiúla idirnáisiúnta ábhartha.
I bhfianaise na dtubaistí diana athfhillteacha aeráide, leagann an tAontas béim ar a thacaíocht do chur chun feidhme Phlean Oiriúnaithe Náisiúnta na Somáile um an Athrú Aeráide, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní uisce.

---

3 I mí an Mheithimh 2023, cé gur seachnaíodh gorta a bhí ag bagairt ar an tír, tá riachtanais mhóra ann i gcónaí, ós rud é go bhfuil cabhair dhaonnúil de dhíth ar 8.25 milliún duine, lena n-áirítear tuairim is 1.8 milliún leanbh atá míchothaithe go mór.

4 *Inter alia* an t-imeacht ardleibhéal gealltanais chun tacú leis an bhfreagairt dhaonnúil i gCorn na hAfraice, a eagraíodh i Nua-Eabhrac i mí na Bealtaine 2023 agus inar slógadh $2.4 billiún don tSomáil, don Aetóip agus don Chéinia.

15. Faoi chuimsiú Straitéis an Aontais um Chorn na hAfraice, a glacadh i mí na Bealtaine 2021, is é réimse fócais na comhpháirtíochta neartaithe dírithe idir an tAontas agus an tSomáil an Treochlár a chur chun feidhme go comhpháirteach agus an dinimic dhearfach a choinneáil ar bun. Tríd an gcur chuige comhtháite, leanfaidh an tAontas dá bhosca uirlisí a shlógadh ina iomláine chun tacú leis an tSomáil. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar chláir ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, tá an tAontas faoi réir le hacmhainní breise a ghealladh le haghaidh an chláir ilbhliantúil tháscaigh (2021-2027). Anuas air sin, leanfaidh an tAontas den straitéis 'Global Gateway', cabhair dhaonnúil agus misin agus oibríochtaí na Saoráide Eorpaí Síochána agus CBSC a shlógadh. Is den ríthábhacht go ndéanfar idirphlé rialta polaitiúil, lena n-áirítear idirphlé ardleibhéil agus earnála leis an tSomáil, chun tosaíochtaí, comhar agus cur chun feidhme a phlé a thuilleadh de mheon na comhpháirtíochta.

16. Ní féidir na dúshláin reatha atá roimh Chorn na hAfraice agus an tSomáil a shárú ach trí bhíthin gníomhaíocht chomhpháirteach a chomhordófar go dlúth. Tá cobhsaíocht fhoriomlán, ceannasacht agus iomláine chríochach na Somáile, chomh maith lena forbairt shíochánta, ríthábhachtach don tír, don réigiún agus don Aontas. Iarann an tAontas comhar, comhpháirtíocht agus comhordú idirnáisiúnta treisithe faoi thionscnamh agus stiúir na Somáile chun tacú le staid shlán chobhsaí a fhorbairt sa tSomáil. Tá an comhar réigiúnach agus tacaíocht ó thíortha comharsanacha na Somáile ríthábhachtach don chobhsaíocht sa réigiún. Molann an tAontas don tSomáil leanúint dá rannpháirtíocht ghníomhach a thabhairt chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear leis an Aontas Afracach, an tÚdarás Idir-rialtasach Forbartha, Comhphobal na hAfraice Thoir agus Tionscnamh Chorn na hAfraice. I gcomhréir lena straitéis um Chorn na hAfraice, tá an tAontas tiomanta i gcónaí tacú leis an lánpháirtiú réigiúnach. Trí rannpháirtíocht Ionadaí Speisialta an Aontais do Chorn na hAfraice, leanfaidh an tAontas de bheith i ndlúth-theagmháil le tíortha sa réigiún agus le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta atá ar aon intinn leis chun cur chuige comhchoiteann a áirithiú chun tacú le síocháin agus cobhsaíocht mharthanach sa tSomáil.